

Acmhainn phleanáil staire chun cabhrú le planáil leanúnachais na roinne agus le machnamh aonair múinteoirí ar an tionchar ar a gcleachtas sa seomra ranga:

An comhthéacs don tacaíocht phleanála seo:



‘Beidh riachtanais éagsúla ag scoláirí agus iad ag filleadh ar an scoil agus beidh ar mhúinteoirí a bheith aireach faoi eispéiris foghlama a sholáthar a shásaíonn na riachtanais sin. Dá bhrí sin, beidh múinteoirí san airdeall faoin bpointe ag a bhfuil a scoláirí; beidh orthu am a ghlacadh chun riachtanais na scoláirí a mheas, agus b’fhéidir go mbeadh orthu agus go mba mhian leo an fhoghlaim a tharla roimhe seo a athdhaingniú sula gcuirfead foghlaim nua i láthair. Beidh cur chuige a thógann ar láidreachtaí na scoláirí ríthábhachtach sa chomhthéacs seo.’¹

Bunaithe ar an gcomhairle thuas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, tá an tacaíocht phleanála seo forbartha againn chun cabhrú linn machnamh a dhéanamh ar na cúinsí phleanála uathúla dár mic léinn agus iad ag filleadh ar scoil i mbliana.

Is teimpléad samplach í an acmhainn seo a leanas a d’fhéadfaí a úsáid agus / nó a chur in oiriúint chun cuidiú le doiciméadúchán phleanáil ranga a fhorbairt. Dearadh é chun cabhrú le Sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí a chur i bhfeidhm, ina leagtar amach na hionchais atá ann d’fhoghlaim scoláirí thar thrí bliana. Déantar cur síos ar ionchais na scoláirí trí thorthaí foghlama a úsáid. Dearadh an acmhainn seo le hoiriúnú, le coigeartú agus le modhnú ag leibhéal áitiúil laistigh den scoil / roinn ábhair agus ag leibhéal ranga aonair, ag brath ar riachtanais na scoláirí.

Is é cuspóir an teimpléid phleanála seo planáil chomhoibríoch agus mhachnamhach atá lárnach d’athchóiriú na Sraithe Sóisearaí a scafláil. Níl sé i gceist go gcuirfí an teimpléad a thugtar anseo in ionad na gcleachtas éifeachtach phleanála atá ann cheana féin. Is é atá i gceist, cuir chuige fhéideartha i leith na planála a fhiosrú a d’fhéadfadh bonn eolais a chur faoinár gcleachtas amach anseo

¹ Ag filleadh ar an scoil: Treoir ar fhoghlaim agus ar chlár scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile, ROS Iúil 2020

Pleanálaí Leanúnachais na Roinne Staire

Cad iad na Torthaí Foghlama a raibh na scoláirí ag plé leo go dtí seo?

Nádúr na Staire (Snáithe 1)

Snáitheanna comhthéacsúla (Snáithe 2 agus/nó Snáithe 3):

Cad iad na Torthaí Foghlama a raibh na scoláirí ag plé leo le linn dhúnadh na scoile?

Nádúr na Staire (Snáithe 1)

Snáitheanna comhthéacsúla (Snáithe 2 agus/nó Snáithe 3):

**Conas a dhéanfaimid an fhoghlaim roimhe seo a dhaingniú sula dtabharfar isteach foghlaim nua?
 (Eispéiris Foghlama Fhéideartha chun a fháil amach cá bhfuil na scoláirí ina gcuid foghlama)**

**Conas a léireoidh an scoláire na scileanna agus an t-eolas a forbraíodh le linn na cianfhoghlama??
 (Seiceálacha Féideartha measúnú foirmitheach chun a fháil amach cá bhfuil scoláirí ina gcuid foghlama)**

Cad iad na Torthaí Foghlama ar ghá do scoláirí taithí a fháil orthu fós?

Nádúr na Staire (Snáithe 1)

Snáitheanna comhthéacsúla (Snáithe 2 agus/nó Snáithe 3):

An bhfuil naisc fhéideartha ann a thiocfadh a dhéanamh idir na torthaí foghlama thuas?

An bhfuil naisc thras-Churaclaim fhéideartha ann a thiocfadh a dhéanamh?

Pleanáil Phearsanta agus Machnamh An Mhúinteora:

Ag tógáil ar an bplé i do roinn, d'fhéadfadh na cúinsí seo a leanas a bheith ina gcuidiú chun eispéiris foghlama atá dírithe ar scoláirí a phleanáil i do sheomra ranga

Cad é a oibreoidh i mo sheomra ranga?

Conas a dhéanfaidh eispéiris foghlama mo chuid scoláirí measúnú ar na torthaí foghlama ar thug an roinn tosaíocht dóibh?

Conas a dhéanfaidh mé taithí foghlama mo chuid scoláirí inrochtana do chách, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise oideachais acu i mo rang?

Conas a chuirfidh eispéiris foghlama mo chuid scoláirí idirghníomhaíocht shóisialta agus comhoibriú chun cinn idir scoláirí? Obair bheirte nó obair ghrúpa?

An bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha ann a d'fhéadfadh tacú leis an bhfoghlaim?